Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2007**

# Stair

## Aonad Measúnaithe A2 3

*ag measúnú*

## Modúl 6

**[A2H31]**

A2H31

**DÉ CÉADAOIN 6 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair rogha **amháin**.
Freagair ceist **1** agus ceist **2(a)** nó **2(b)** as do **rogha**.
Léirigh go soiléir ar do leabhrán freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.

## Rogha 5 CRÍOCHDHEIGHILT NA hÉIREANN 1900-1925

Freagair ceist **1** agus ceist **2(a)** nó **2(b)**.

**1** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Foinse 1**

Sliocht as óráid leis an Phríomh-Aire, Herbert Asquith, i dTeach na dTeachtaí ar 11 Aibreán 1912. Tá an Tríú Bille um Rialtas Dúchais á thabhairt isteach aige.

> Ní dhearna mé a bheag riamh den fhórsa ná den naimhdeas a bhraitheann mórchuid na ndaoine in oirthuaisceart Chúige Uladh i leith Rialtais Dúchais. Ach ní ceart don Rialtas Liobrálach an toradh a bheidh ar cheist Rialtais Dúchais a fhágáil faoin mhionlach Protastúnach seo i gCúige Uladh, nuair atá an chuid is mó de mhuintir na hÉireann sásta leis. Is é an Bille seo an chéad chéim shuntasach chun an chonspóid a réiteach, conspóid a thosaigh le hAcht an Aontais os cionn céad bliain ó shin. Na cumhachtaí a bheidh ag Parlaimint an Rialtais Dúchais, fágfaidh siad go mbeidh deis ag muintir na hÉireann náisiún dá gcuid féin a fhorbairt. Beidh cosaintí réasúnta ann don mhionlach Phrotastúnach, go háirithe dóibh siúd i gCúige Uladh. Is láidre a bheidh an Impireacht i ngeall ar an Bhille seo, agus Aontas daingean seachas Aontas faoi bhagairt a bheidh ann dá bharr.

**Foinse 2**

Sliocht as litir leis an Tiarna Loreburn, a foilsíodh in *The Times* ar 11 Meán Fómhair 1913. Tá Loreburn, piara Liobrálach, ag trácht ar an Tríú Bille um Rialtas Dúchais.

> Ní dócha anois go dtabharfaidh an Rialtas cúl ar an Bhille um Rialtas Dúchais mura nglactar le cineál éigin de chomhréiteach. Caithfimid glacadh leis go mbeidh círéibeacha tromchúiseacha i dtuaisceart na hÉireann nuair a rithfear an Bille seo. Tá a fhios againn go dtógfar go leor clampar agus gur forleithne ná riamh a bheidh siad cionn is go bhfuil an Páirtí Coimeádach sásta tacú leo. Beidh daoine in éadan Rialtais Dúchais nuair a bheidh na círéibeacha thart, fiú. Sna blianta amach romhainn is beag an seans a bheidh ann dea-chaidreamh a chothú idir Protastúnaigh agus Caitlicigh na hÉireann, sé sin má dhéantar iarracht brú a chur ar an mhionlach Phrotastúnach géilleadh do Rialtas Dúchais.

**Foinse 3**
Sliocht as meabhrán a scríobh John Redmond, ceannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann, ar 2 Feabhra 1914. Tá Redmond ag dul siar ar chruinniú a bhí aige le Príomh-Aire Asquith faoin Tríú Bille um Rialtas Dúchais.

> Chuir Asquith in iúl dom go raibh cruinnithe rúnda aige le Carson agus Bonar Law, a d'inis dó go gcaithfear Ulaidh a fhágáil amach as an Bhille um Rialtas Dúchais. D'inis Asquith dom go raibh sé féin agus a chomhghleacaithe go huile is go hiomlán in éadan aon áit a fhágáil amach, ach go raibh na cúinsí polaitiúla athraithe inár n-éadan ó bhí an cruinniú deiridh againn i mí na Samhna. Shíl sé anois go gcaithfear teacht ar chomhréiteach éigin. Dúirt sé liom go raibh sé buartha faoin Acht Airm Bliantúil agus go raibh imní ar an Rí go mbeadh cogadh cathartha ann. Dúirt Asquith go raibh seans ann go dtabharfadh an Rí bata agus bóthar dá chuid airí agus go n-iarrfadh sé ar na Coimeádaigh rialtas a chur le chéile.

**(a)** **Léigh Foinsí 1 agus 2.** Mínigh dearcadh Asquith agus dearcadh Loreburn i leith an Tríú Bille um Rialtas Dúchais agus cuir i gcomparáid lena chéile iad. [10]

**(b)** **Léigh na Foinsí uile.** Cén fhírinne atá sna foinsí seo go raibh leisce ar an Rialtas Liobrálach Rialtas Dúchais a thabhairt isteach in Éirinn sa tréimhse 1912–1914? [10]

**(c)** **Léigh na Foinsí uile.** Cé acu foinse ba thábhachtaí mar fhianaise ag staraí atá i mbun staidéir ar an dóigh ar phléigh an Rialtas Liobrálach leis an ghéarchéim a bhí ann maidir leis an Tríú Bille um Rialtas Dúchais idir 1912 agus 1914? [14]

**2 Ceachtar acu**

**(a)** "Murar tharla an Chéad Chogadh Domhanda, ní tharlódh Éirí Amach na Cásca in 1916." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo? [26]

**Nó**

**(b)** "Ba mhó an brú a bhí ar Phoblachtaigh na hÉireann glacadh le sos cogaidh i mí Iúil 1921 ná a bhí ar Rialtas na Breataine." Cen fhírinne atá sa tuairim seo, dar leat, ar an dóigh ar tháinig an Cogadh Angla-Éireannach 1919–1921 chun deiridh? [26]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.